C/2026/188

5.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12265 — PSPIB / 4F / VSA / CITROSUCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/188)

1. An 16 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Public Sector Pension Investment Board ('PSPIB', Ceanada),

— 4F Capital N.V. ('4F', an Bhrasaíl), cuideachta sealbhaíochta rialaithe Fischer Group,

— Votorantim S.A. ('VSA', an Bhrasaíl), agus

— Citrosuco S.A. Agroindústria ('Citrosuco', an Bhrasaíl), faoi rialú comhpháirteach Votorantim Group agus Fischer Group faoi láthair.

Gheobhaidh PSPIB, 4F agus VSA rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Citrosuco.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é PSPIB infheisteoir pinsin phleananna pinsin Sheirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Phóilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fhórsa Cúltaca. Bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochta i gcothromas príobháideach, réadmhaoin, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus infheistíochtaí creidmheasa. Níl PSPIB á rialú ag aon eintiteas.

— Is é 4F cuideachta sealbhaíochta rialaithe Fischer Group. Tá ceanncheathrú Fischer Group lonnaithe sa Bhrasaíl agus tá sé gníomhach i dtáirgeadh torthaí amhail úlla agus cíobhaíonna, súnna, athfhoraoisiú, adhmad, pónairí soighe agus arbhar. Tá 4F á rialú ag baill de theaghlach Fischer.

— Is é VSA cuideachta sealbhaíochta Votorantim Group, a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe sa Bhrasaíl agus atá gníomhach i 19 dtír, agus ag a bhfuil punann ina bhfuil cuideachtaí a oibríonn i ndeighleoga éagsúla den mhargadh. Tá VSA á rialú ag cuideachta sealbhaíochta teaghlaigh (Hejoassu).

— Is táirgeoir agus dáileoir domhanda táirgí bia nádúrtha, inbhuanaithe, oráiste-bhunaithe é Citrosuco.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12265 — PSPIB / 4F / VSA / CITROSUCO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË